AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.6.2024
COM(2024) 247 final

2024/0140 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2061 ón gComhairle maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (CCII) idir an tAontas agus an Mháratáin agus an prótacal cur chun feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin an 15 Samhain 2021 (an Comhaontú) ([1]). Is é 5 bliana óna chur i bhfeidhm sealadach fad an phrótacail cur chun feidhme, go dtí an 15 Samhain 2026 dá réir sin.

Faoin bprótacal cur chun feidhme, ceadaítear do chabhlach an Aontais iascaireacht a dhéanamh in uiscí na Máratáine ar shéaclaí, ar éisc ghrinnill, ar thuinníní agus ar éisc pheiligeacha bheaga, suas le 287 050 tona san iomlán in aghaidh na bliana. 5 000 tona in aghaidh na bliana atá sna gabhálacha iomlána incheadaithe (TAC) le haghaidh chatagóir iascaireachta 1 (crústaigh seachas gliomaigh spíonacha).

I gcás gach catagóire iascaireachta, sonraítear i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann leis an bprótacal cur chun feidhme an líon soithí de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh an tráth céanna. Le haghaidh chatagóir iascaireachta 1 (crústaigh seachas gliomaigh spíonacha), Foscríbhinn 2 a ghabhann leis an bprótacal cur chun feidhme mar a síníodh é an 15 Samhain 2021 ar choinníoll nach rachaidh an líon soithí de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh an tráth céanna thar 15. Leithdháileadh na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal ar na Ballstáit le Rialachán (AE) 2021/2061 ón gComhairle ([2]). Foráiltear le hAirteagal 1(1) den Rialachán sin ón gComhairle nach bhféadfaidh níos mó ná 15 shoitheach, i gcatagóir 1, oibriú in uiscí na Máratáine an tráth céanna.

I gcomhréir le hAirteagal 14(3)(a) den Chomhaontú agus Airteagal 11(1)(a) den phrótacal cur chun feidhme, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe ar an bPrótacal agus ar na hiarscríbhinní agus na foscríbhinní a ghabhann leis a fhormheas maidir leis na deiseanna iascaireachta, lena n-áirítear an líon soithí a gceadaítear dóibh iascaireacht a dhéanamh laistigh de chatagóir.

Ag an gCruinniú den Chomhchoiste, a tionóladh i mí na Nollag 2022, d'iarr na páirtithe ar an gComhchoiste Eolaíoch measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht cur leis an líon soithí atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh an tráth céanna le haghaidh chatagóirí iascaireachta 1 go 18, gan modhnú a dhéanamh ar an TAC atá ann faoi láthair le haghaidh na catagóire iascaireachta sin. Bhí an iarraidh sin bunaithe ar iarraidh a rinne tionscal iascaireachta an Aontais a bhí ag iascaireacht faoi chatagóir 1 agus a bhí dírithe ar úsáid an TAC a socraíodh sa phrótacal a uasmhéadú.

Rinne an Comhchoiste Eolaíoch anailís ar na sonraí gabhála is déanaí a bhí ar fáil le linn na tréimhse 1991-2022 agus ar an mbásmhaireacht éisc in aghaidh na hiarrachta iascaireachta. Sa tuarascáil ón gComhchoiste Eolaíoch a foilsíodh i mí an Mhárta 2023, tháinig sé ar an

---

[1] Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, ST/12446/2021/INIT (IO L 439, 8.12.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/2123/oj).

[2] Rialachán (AE) 2021/2061 ón gComhairle an 11 Samhain 2021 maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine (2021-2026), ST/12411/2021/INIT (IO L 421, 26.11.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2061/oj).

gconclúid ar an mbonn sin go bhféadfaí cabhlach an Aontais a mhéadú ó 15 shoitheach go 18 soitheach maidir le catagóir iascaireachta 1 laistigh de theorainn an TAC atá ann faoi láthair, arna socrú ag 5 000 tona.

Ar bhonn na tuarascála ón gComhchoiste Eolaíoch, cuireadh síos togra le haghaidh leasú ar Phointe 5 de bhileog sonraí Chatagóir 1 i bhFoscríbhinn 2 ina leagtar síos an líon uasta soithí a gceadaítear dóibh iascaireacht a dhéanamh ar chatagóir 1 an tráth céanna le haghaidh cruinniú de Chomhchoiste AE-an Mháratáin a tionóladh an 6 go dtí an 8 Nollaig 2023.

I gcomhréir le hAirteagal 3 de Chinneadh (AE) 2022/1448 ón gComhairle[3], údaraítear an Coimisiún, thar ceann an Aontais, le leasuithe a fhormheas ar an bPrótacal arna nglacadh ag an gComhchoiste i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh sin. Roimh an gcruinniú den Chomhchoiste, chuir an Coimisiún an togra le haghaidh measúnaithe faoi bhráid na Comhairle, i gcomhréir le mír 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2022/1448 ón gComhairle. Ní dhearna an Chomhairle agóid i gcoinne an leasaithe atá beartaithe agus i gcomhréir le mír 4 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh sin, agus dá bhrí sin d'fhormheas an Coimisiún é thar ceann an Aontais.

Ag an gCruinniú den Chomhchoiste an 8 Nollaig 2023 d'fhormheas na páirtithe an leasú ar an bprótacal lenar cuireadh leis an líon soithí de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh an tráth céanna le haghaidh chatagóirí iascaireachta 1 go 18, gan modhnú a dhéanamh ar an TAC atá ann faoi láthair le haghaidh na catagóire iascaireachta sin. I gcás an TAC sin, íocann an tAontas ranníocaíocht airgeadais leis an Máratáin, ranníocaíocht a fhanann mar an gcéanna leis an leasú.

Leis an togra, féachtar leis an leasú ar an bPrótacal ar a dtugtar tuairisc thuas a chur chun feidhme trí Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) 2021/2061 ón gComhairle a leasú. Ba cheart feidhm a bheith ag an leasú sin ó dháta formheasta an leasaithe ar an bPrótacal ag an gComhchoiste. Cuideoidh an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin le húsáid na deise iascaireachta faoin gcatagóir sin a bharrfheabhsú in 2024.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ní dhéanann an modhnú sin difear don chomhleanúnachas leis an reachtaíocht atá ann cheana sa bheartas iascaigh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ní dhéanann an modhnú sin difear don chomhleanúnachas leis an reachtaíocht atá ann cheana san Aontas.

[3] Cinneadh (AE) 2022/1448 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin (IO L 228, 2.9.2022, lch. 2, ELI:http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1448/oj).

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí, agus bunaítear le hAirteagal 43(3) de go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, bearta maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta.

Baineann an leasú seo le reachtaíocht atá ann cheana agus comhlíonann sé na prionsabail dlí chéanna leis an rialachán a leasaítear leis.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is inniúlacht eisiach é an réimse beartais.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Leis an leasú ar Rialachán (AE) 2021/2061 ón gComhairle, ní athraítear na coinníollacha maidir le hiascaireacht a leagtar síos sa Chomhaontú agus sa Phrótacal a ghabhann leis.

Dá bhrí sin, níl aon ghá le meastóireachtaí *ex post*, comhairliúchán le páirtithe leasmhara ná measúnú tionchair.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar ag an Dréachtrialachán ar bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

Leis an leasú ar Rialachán (AE) 2021/2061 ón gComhairle, ní athraítear na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú agus sa Phrótacal a ghabhann leis.

2024/0140 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2061 ón gComhairle maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2021/2123 ón gComhairle[1], síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Mháratáin (CCII) agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin an 15 Samhain 2021 agus cuireadh i bhfeidhm iad go sealadach ó shin i leith.

(2) An 18 Iúil 2022 ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/1448[2] maidir le tabhairt i gcrích an CCII idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin, lena n-údaraítear an Coimisiún, in Airteagal 3, le leasuithe ar an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

(3) Maidir le Catagóir Iascaireachta 1 (Soithí a dhéanann iascaireacht ar chrústaigh seachas gliomaigh spíonacha), foráladh le Pointe 5 de bhileog sonraí Chatagóir 1 i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal Cur Chun Feidhme nach bhféadfaidh an líon soithí atá údaraithe an tráth céanna dul thar 15.

(4) An 11 Samhain 2021 ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2021/2061 maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta faoin bPrótacal Cur Chun Feidhme[3].

---

1 Cinneadh (AE) 2021/2123 ón gComhairle an 11 Samhain 2021 maidir le síniú, thar cheann an Aontais Eorpaigh, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin (IO L 439, 8.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/2123/oj)

2 Cinneadh (AE) 2022/1448 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin (IO L 228, 2.9.2022, lch. 2, ELI:http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1448/oj).

3 Rialachán (AE) 2021/2061 ón gComhairle an 11 Samhain 2021 maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine (2021-2026) (IO L 421, 26.11.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2061/oj).

(5) I gcomhréir le Pointe 5 de bhileog sonraí Chatagóir 1 i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal Cur Chun Feidhme, foráiltear le hAirteagal 1(1), an dara fomhír, den Rialachán sin nach bhféadfaidh níos mó ná 15 shoitheach oibriú in uiscí na Máratáine ag aon am amháin i gCatagóir Iascaireachta 1.

(6) Le cinneadh an 8 Nollaig 2023, rinne an Comhchoiste a oibríonn faoin CCII agus faoin bPrótacal Cur Chun Feidhme Pointe 5 de bhileog sonraí Chatagóir 1 i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal Cur Chun Feidhme a leasú agus chuir siad leis an líon soithí atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh an tráth céanna go 18 soitheach i gCatagóir Iascaireachta 1, gan modhnú a dhéanamh ar na gabhálacha iomlána incheadaithe (TAC) atá ann faoi láthair le haghaidh na catagóire iascaireachta sin. Bunaíodh an cinneadh sin ar mheastóireacht ar na héifeachtaí a bheadh ag méadú den sórt sin ar an stoc tríd an gComhchoiste Eolaíoch, a bhain de thátal as go bhféadfaí cur leis an iarracht iascaireachta laistigh den TAC atá ann faoi láthair.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) 2021/2061 a leasú chun léiriú a thabhairt ar an méadú ar an líon soithí a gceadaítear dóibh iascaireacht a dhéanamh an tráth céanna i gCatagóir Iascaireachta 1 faoin bPrótacal Cur Chun Feidhme.

(8) Ba cheart feidhm a bheith ag an méadú ar údaruithe atá ar fáil ó dháta an leasaithe ar an bPrótacal Cur Chun Feidhme. Cuideoidh an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin le húsáid na deise iascaireachta faoin gcatagóir sin a bharrfheabhsú. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo, dá bhrí sin, ón 8 Nollaig 2023 freisin. Ní dhéanann cur i bhfeidhm cúlghabhálach den sórt sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh a chosaint, toisc gur cuireadh leis an líon soithí a gceadaítear dóibh iascaireacht a dhéanamh faoi Chatagóir Iascaireachta 1. Dá bharr sin, ba cheart an Rialachán a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) 2021/2061 ón gComhairle:

‘(1) Catagóir 1 – Soithí a dhéanann iascaireacht ar chrústaigh seachas gliomaigh spíonacha:

An Spáinn	4 150 tona
An Iodáil	600 tona
An Phortaingéil	250 tona

Sa chatagóir seo, ní féidir le níos mó ná 18 soitheach oibriú in uiscí na Máratáine ag aon am amháin.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 8 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán